Pointí ginearálta:

Déan cinnte go bhfuil áit shábháite agat munar féidir leat éalú ón teach.

- ✔ Déan cinnte de go bhfuil fón sa seomra chun glaoch ar chabhair.
- ✔ Déan iarracht a chinntiú go mbíonn fuinneog i do sheomra either sa dóigh go dtig leat éalú nó glaoch ar chabhair. (fan in aice na fuinneoige).
- ✔ Dún an doras agus séalaigh a bhun le tuáillí nó le pluide anna chun deatach contúirteach a choinneáil amach.

Cuir glaoch ar **999** nó **112**

- ✔ Cuir glaoch ar na seirbhísí práinne.
- ✔ Inis don oibritheoir cén seirbhís atá uait .
- ✔ Labhair go réidh agus tabhair seoladh na tine agus d'uimhir fóin.
- ✔ Ná croch suas an fón go dtí go ndeireann an t-oibritheoir leat.

Nach:

- ✘ Ná gabh ar ais riamh i dteach atá trí thine le nithe pearsanta a fháil.
- ✘ Ná tóg cadhnraí ar iasacht as Aláram Deataigh
- ✘ Ná cuir scátháin os cionn tinteáin a bhfuil fíorthine ann.

FÍORAICÍ!

- Faigheann 46 duine bás i dtinte gach bliain ar an meán sa tír seo.
- Ní do dhaoine eile amháin a tharlaíonn dóiteáin.
- D'fhéadfadh an chéad dóiteán eile a bheith i do theachsa.

Cuimhnigh:

Bí cúramach nuair atá téitheoirí so-iompair leictreacha / gáis/ ola á n-úsáid agat.

- Ná húsáid téitheoirí in aice le troscán, cuirtíní, srl.
- Bí an-chúramach ar fad má úsáideann tú téitheoirí chun éadaí a thriomú.
- Ná fág téitheoirí ar lasadh riamh nuair a théann tú a luí.
- Bí cúramach má tá peataí in aice le téitheoirí.

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, Éire
teileafón:+353 1 8882381 faics: +353 1 8882645
www.environ.ie firesafety@environ.ie

Sábháilteacht Dóiteáin sa Teach

fire safety
Be on your guard

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Cosc

Tabhair aird ar na nithe seo:

✘ Ná caith tobac agus tuirse ort.

✘ Ná fág coinnle ar lasadh nuair nach bhfuil aon duine ann.

✘ Ná fág leanaí óga leo féin.

✘ Ná fág lasáin agus lastóirí san áit a bhfaigheadh leanaí iad.

✘ Ná fág pannaí sceallóga, friochtáin, srl gan freastal ar feadh nóiméid amháin féin

✘ Ná seas róghar do thinte, téitheoirí, srl

✘ Ná húsáid fearais leictreacha atá lochtach

✘ Ná cuir ualach róthrom ar shoicéidí leictreacha.

Déan cinnte:

✔ Go nglanann tú an simléir uair sa bhliain ar a laghad nó go ndéantar seirbhís go rialta ar an gcóras teasa.

✔ Cuir garda splancanna ar thinte oscailte.

✔ Úsáid coinnleoirí cearta nuair atá coinnle lasta agat.

✔ Coinnigh luaithreadáin folamh nuair nach mbíonn siad in úsáid.

✔ Bíodh múchtóir oiriúnach tine agus pluid tine sa chistin agat.

✔ Cuir caoi ar fhearais lochtacha leictreacha láithreach nó faigh cinn nua.

✔ Dún na doirse uile san oíche.

✔ Déan seiceáil rialta sábháilteacht dóiteáin roimh dhul a luí.

fire safety

Be on your guard

Brath Dóiteáin

✔ Bíodh Aláram Deataigh amháin i ngach urlár den teach (ar an síleáil).

✔ Bain triail as na haláraim deataigh uair sa tseachtain ar a laghad.

✔ Athraigh na cadhnraí gach bliain.

✔ Nuair a dhéanann aláram bíog mar rabhadh go bhfuil an cadhnra caite athraigh láithreach é.

Plean éalaithe

✔ Pleanáil druil éalaithe le gach duine atá sa teach agus déan cleachtadh rialta air.

✔ Nuair atá an druil éalaithe á cleachtadh bíodh bealach eile amach agat ar eagla go bhfuil an príomhbhealach dúnta ag an dóiteán.

✔ Bíodh áit chruinnithe agat in áit shábháilte lasmuigh den teach.

✔ Bíodh gach bealach éalaithe saor ó bhac de ló is d'oíche.

✔ Bíodh eochracha na ndoirse agus na bhfuinneoga ar fáil go héasca agus go pras.

FIORAIC!

Bíonn os cionn 1,000 duine sna haonaid timpistí gach bliain le gortú de bharr dó nó scalladh.

(HIPE & Rannóg NPRS, ESRI)

Seiceáil rialta sábháil-teacht tine

Ní ghlacann "Seiceáil Rialta Sábháilteacht Tine" ach cúpla nóiméad ach d'fhéadfadh do bheatha a bheith ag brath air.

Gach oíche:

✔ Tarraing amach an phlocóid ar fhearais neamhriachtanacha leictreacha.

✔ Múch fearais neamhriachtanacha gáis.

✔ Múch gach coinneal agus lasair lom.

✔ Cuir garda splancanna os comhair tinte oscailte.

✔ Folmhaigh gach luaithreadán.

✔ Coinnigh gach bealach éalaithe saor ó bhac.

Dún gach doras.